"AN SCÉIM UM CHARTLANNÚ 2"

Scéim Chistiúcháin chun Bunábhar Clár a Chartlannú

GAIRM AR IARRATAIS

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Sheol Údarás Craolacháin na hÉireann ("ÚCÉ") an dara scéim chistiúcháin dá chuid chun bunábhar clár a chartlannú "An Scéim um Chartlannú 2" i mí an Mheithimh 2018. Cosúil leis an gceann roimhe seo dearadh An Scéim um Chartlannú 2 chun tacaíocht chistiúcháin a sholáthar d'fhonn cultúr cartlannaithe in earnáil chraolacháin na hÉireann a fhorbairt a chabhróidh le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú

Tá ÚCÉ ag oscailt dreas cistiúcháin le haghaidh Na Scéime um Chartlannú 2 agus tá an tÚdarás ag lorg iarratas faoi láthair le haghaidh tionscadal chun bunábhar clár a chartlannú leis an gcuspóir sonrach go ndéanfar taifead sonrach de chultúr, d'oidhreacht agus de thaithí na hÉireann a chaomhnú agus go háirithe, díobh siúd a chosnaíonn ábhar stairiúil atá i bpriacal de bharr bail leochaileach fhisiciúil a bheith air nó formáidí a mbeidh deireadh tagtha leo go luath.

Tá An Scéim um Chartlannú 2 oscailte do chraoltóirí, lucht fógraíochta, pearsana/institiúidí atá i seilbh ábhar iomchuí, pearsana/institiúidí atá in ann obair a dhéanamh ar ábhar cartlannaithe a mheastar go mbeidh luach ag an Stát air, pearsana/institiúidí atá in ann cuspóirí na scéime a chur chun cinn.

Baineann An Scéim um Chartlannú 2 le hábhar clár a craoladh go iomlán nó ina chuid nó a taifeadadh le haghaidh craolacháin, ar raidió agus/nó ar theilifís agus lena n-áirítear fógraí. Tá stadáin agus grianghraif a táirgeadh ó ábhar den chineál sin, nó i gcomhthéacs ábhar den chineál sin a thaifeadadh incháilithe freisin.

Tá treoirlínte d'iarratasóirí, mar aon le foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚCÉ, www.bai.ie, nó ó archiving@bai.ie ach iarratas a dhéanamh ina leith

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais 12 meán lae Déardaoin, **4 Deireadh Fómhair 2018.**

Ba chóir fiosrúcháin a dhíriú chuig: archiving@bai.ie

Cuireann Údarás Craolacháin na hÉireann fáilte roimh comhfhreagras i nGaeilge

---

"ARCHIVING SCHEME 2"

Funding Scheme for the Archiving of Programme Material

CALL FOR APPLICATIONS

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

The Broadcasting Authority of Ireland ("BAI") launched its second funding scheme for the archiving of programme material ("Archiving Scheme 2") in June 2018. Archiving Scheme 2, like its predecessor, has been designed to provide funding support for the development of an archiving culture in the Irish broadcasting sector which will contribute to the preservation of Ireland's broadcasting heritage.

The BAI is opening a funding round for Archiving Scheme 2 and is currently seeking applications for projects for the archiving of programme material with the specific objective of the preservation of a historic record of Irish culture, heritage and experience and in particular, that which safeguards historic material that is threatened by fragile physical condition or soon to be obsolete formats.

Archiving Scheme 2 is open to broadcasters, advertisers, persons/institutions in possession of relevant material, persons/institutions capable of carrying out work on archiving material considered to be of value to the State, and persons/institutions capable of furthering the scheme's objectives.

Archiving Scheme 2 concerns programme material broadcast in whole or in part, or recorded for broadcast, on radio and/or television and includes advertisements. Stills and photographs produced from such material, or in the context of the recording of such material are also eligible.

Guidelines for applicants, along with application forms are available on the BAI website, www.bai.ie or on request from archiving@bai.ie

The closing date for receipt of applications is 12 noon on **Thursday, 4th October 2018**.

Queries should be directed to: archiving@bai.ie

Cuireann Údarás Craolacháin na hÉireann fáilte roimh comhfhreagras i nGaeilge

Irish Independent 31/07/18 25x3 126 Draft 1

MP